Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11326/24**

**ENV 674**
**CLIMA 253**
**DEVGEN 91**
**ECO 24**
**SAN 388**
**PECHE 255**
**AGRI 529**
**IND 325**
**CHIMIE 51**
**ENER 317**
**RECH 320**
**TRANS 313**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11003/24 |
| Ábhar: | Athbhreithniú meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil – An bealach chun cinn i dtreo aistriú glas agus cóir ar mhaithe le hEoraip inbhuanaithe<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4032ú cruinniú dá cuid, an 17 Meitheamh 2024.

**Athbhreithniú meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – An bealach chun cinn i dtreo aistriú glas, cóir agus cuimsitheach ar mhaithe le hEoraip inbhuanaithe**

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag Cláir Ghníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Chomhshaol chun reachtaíocht uaillmhianach a áirithiú maidir leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide; MEABHRAÍONN SÍ Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais (an 8ú CGC) agus an príomhchuspóir fadtéarmach a leagtar amach ann, is é sin 'gurb amhlaidh, faoi 2050 ar a dhéanaí, a bheidh daoine ag maireachtáil go maith, laistigh de na teorainneacha pláinéadacha i ngeilleagar na dea-bhaile nach gcuirfear aon ní amú ann, ina mbeidh an fás ina fhás athghiniúnach, ina mbeidh aeráidneodracht san Aontas bainte amach agus ina mbeidh an neamhionannas laghdaithe go suntasach'; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thiomanta atá an tAontas agus a riachtanaí atá sé leanúint de na Cláir Ghníomhaíochta don Chomhshaol tar éis 2030 chun rannchuidiú, *inter alia*, le hinbhuanaitheacht iomaíoch ar fud gheilleagar agus thionsclaíocht an Aontais agus chun aistriú cóir cuimsitheach a áirithiú laistigh de na teorainneacha pláinéadacha;

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun dul i ngleic le héifeachtaí diúltacha carnacha ghéarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe i bhfianaise thionchair uafásacha agus dhéine agus mhinicíocht mhéadaitheach na dteagmhas a bhaineann leis an aeráid d'éiceachórais agus do sheirbhísí, don tsláinte, don gheilleagair, don cheartas sóisialta, do chearta an duine agus don chomhtháthú; LEAGANN SÍ BÉIM go háirithe ar a riachtanaí atá sé pátrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais a athrú, oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht ina leith a threisiú, geilleagar ciorclach atá saor ó thocsainí agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní a neartú, aistriú glas, cóir agus cuimsitheach a áirithiú agus na treochtaí diúltacha a théann i bhfeidhm ar éiceachórais a aisiompú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go léiríonn an taighde go bhfuil roinnt teorainneacha pláinéadacha sáraithe cheana féin ag an Aontas agus ag an domhan mór;

3. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí Cláir Oibre 2030 agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a ghabhann leis a chur chun feidhme mar phlean comhchoiteann gníomhaíochta chun an inbhuanaitheacht, cearta an duine agus an comhionannas inscne a chur i gcroílár na ngníomhaíochtaí beartais ar leibhéal an Aontais, gan aon duine a fhágáil ar lár;

4. AITHNÍONN SÍ gur deis é aistriú atá glas, cóir agus cuimsitheach chun sláinte daoine a fheabhsú, athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas na hEorpa a neartú, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chosaint, a athbhunú agus a chur chun cinn, poist ghlasa ardcháilíochta a chruthú, dul i ngleic le neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta agus daonlathas, slándáil agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú agus geilleagar oscailte á chaomhnú agus an tsíocháin á háirithiú ag an am céanna; MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas an Aontais a glacadh i Márta 2024 agus go háirithe an géarcháineadh a rinneadh iontu ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, arb é is cúis le damáistí ollmhóra don chomhshaol agus rioscaí don tsábháilteacht núicléach agus don tslándáil fuinnimh agus bia; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le sineirgí idir cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha freisin le haghaidh an athraithe sin, lena n-áirítear tríd an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ a chomhtháthú i ngach beartas earnálach, plé struchtúrach a éascú maidir le comhleanúnachas beartais agus saincheisteanna trasearnálacha, laistigh d’institiúidí agus idir institiúidí, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus iolrachas na gcreataí rialachais náisiúnta a chur san áireamh agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint; AITHNÍONN SÍ staid uathúil na réigiún oileánach agus na réigiún is forimeallaí san Aontas ó thaobh acmhainní nádúrtha, na bithéagsúlachta agus na ndeacrachtaí sonracha comhshaoil atá le sárú acu;

5. AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip mar straitéis chomhtháite fáis ar mhaithe le hinbhuanaitheacht na hEorpa, ar glacadh príomhthionscnaimh reachtacha dá bharr, cuir i gcás an pacáiste 'Oiriúnach do 55', an Dlí um Athchóiriú an Dúlra, pacáiste reachtach an bheartais maidir le táirgí inbhuanaithe, lena n-áirítear an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe, agus an pacáiste maidir le hairgeadas inbhuanaithe; AONTAÍONN SÍ go gcuireann na tionscnaimh reachtacha sin ar chumas an Aontais agus na mBallstát dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóir fadtéarmach CGC a bhaint amach; AITHNÍONN SÍ an breisluach a bhaineann le straitéisí éagsúla, mar atá Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide (2021), Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030, agus an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, agus le pleananna gníomhaíochta, cuir i gcás an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, agus le seoladh príomhshásraí, an Sásra um Aistriú Cóir, mar shampla;

6. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI ról ceannasach an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta agus na torthaí a baineadh amach laistigh d'fhóraim iltaobhacha, mar shampla i gcomhthéacs Choinbhinsiúin Basel, Rotterdam, Stócólm agus Minamata, Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, an Chomhaontaithe maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ), Chomhaontú Pháras, Chomhshocrú Ghlaschú, an Chreata Dhomhanda maidir le Ceimiceáin, Chomhdhearcadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus an chúigiú agus an tséú ceann de Chomhthionóil Chomhshaoil na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an Rún maidir le Lotnaidicídí Mórghuaiseacha, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún ón gComhthionól Domhanda Sláinte maidir leis an tionchar a bhíonn ag ceimiceáin, dramhaíl agus truailliú ar shláinte an duine;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról dearfach lárnach atá ag an talmhaíocht, lena n-áirítear maidir le slándáil bia a áirithiú do shaoránaigh an Aontais, agus maidir le haeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí an idirphlé straitéisigh agus an phlé leanúnaigh sa Chomhairle maidir lena bhfuil i ndán don talmhaíocht san Aontas a chur san áireamh chun an t-aistriú i dtreo córais inbhuanaithe bhia atá in oiriúint don athrú aeráide a chur i gcrích go rathúil, ar córais iad a ráthaíonn dálaí oibre cuibhiúla agus ioncam cothrom d'fheirmeoirí, limistéir thuaithe rathúla, iomaíochas agus athléimneacht thalmhaíocht na hEorpa agus uathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte agus ardleibhéal feidhmíochta sláinte agus comhshaoil á gcaomhnú, lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht agus cosaint, caomhnú agus athbhunú an dúlra, agus tionchar socheacnamaíoch an aistrithe á chur san áireamh ag an am céanna;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Faireacháin 2023 maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil i dtreo chuspóirí an 8ú CGC, ina gcuirtear in iúl a phráinní atá sé cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana a neartú agus coinníollacha cumasúcháin a chomhlíonadh, beartais agus bearta breise a thabhairt chun cinn nuair is gá agus beartais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide a phríomhshruthú i réimsí beartais eile;

9. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú meántéarma ar an 8ú CGC; LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí a bheidh sé na tionscnaimh reachtacha arna nglacadh faoin gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme chun príomhchuspóirí an 8ú CGC a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 5(2) de Chinneadh (AE) 2022/591, togra reachtach a thíolacadh chun iarscríbhinn a chur leis an 8ú CGC ina mbeidh gníomhaíochtaí don tréimhse tar éis 2025 chun leanúnachas agus uaillmhian an chláir a choinneáil, agus na conclúidí seo agus torthaí a athbhreithnithe meántéarma á gcur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí lena dtacaítear leis na Ballstáit tráth a bhíonn reachtaíocht á cur chun feidhme acu; MOLANN SÍ do na Ballstáit idirphlé polaitiúil ardleibhéil bliantúil a reáchtáil ar leibhéal na n-airí chun an dul chun i dtreo chuspóirí an 8ú CGC a mheas;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na teachtaireachtaí ón gCoimisiún le déanaí, mar shampla, na teachtaireachtaí *Securing our future Europe's 2040 climate target and path to climate neutrality by 2050 building a sustainable, just and prosperous society* [Ár dtodhchaí a dhaingniú – Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil], *Managing climate risks protecting people and prosperity* [Rioscaí aeráide a bhainistiú daoine agus rathúnas a chosaint], agus *Towards an ambitious Industrial Carbon Management for the EU* [I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach le haghaidh an Aontais], TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin tuarascálacha a foilsíodh le déanaí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, mar shampla, *The UN Sustainable Development Goals Report 2023: Special Edition* [Tuarascáil 2023 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2023: Eagrán Speisialta: I dtreo Plean Tarrthála do Dhaoine agus don Phláinéad], Ionchas Acmhainní Domhanda 2024 an Phainéil Acmhainní Idirnáisiúnta agus tuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) *Accelerating circular economy in Europe – State and Outlook 2024* [Dlús a chur leis an ngeilleagar ciorclach san Eoraip – Staid agus Ionchas 2024] agus an tuarascáil maidir leis an Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide;

11. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur tíolacadh tuarascáil Letta '*Much More Than A Market*' [I bhfad níos mó ná margadh] agus; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht uaithi go bhfuil an t-aistriú glas, cothrom agus digiteach ríthábhachtach chun todhchaí inbhuanaithe rathúil a bhaint amach, lena n-áirítear an gá atá le Margadh Aonair Ciorclach a fhorbairt chun geilleagar a sheasfaidh an aimsir a chruthú, ós rud é go dtacóidh sé sin le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus go spreagfaidh sé fás eacnamaíoch ag an am céanna; MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Aibreáin 2024 lena ndeimhnítear tiomantas an Aontais d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach ar fud na hEorpa; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige comhtháite i leith taidhleoireacht ghlas, don trádáil agus don chomhar le tíortha comhpháirtíochta agus ar an ardán iltaobhach chun na caighdeáin chomhshaoil a mhéadú agus cóineasú na gcaighdeán sin a chur chun cinn ar fud an domhain agus oibriú i dtreo aistriú domhanda, glas, cóir, cuimsitheach ag an am céanna; I ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur den ríthábhacht a bheidh inbhuanaitheacht iomaíoch thionscal na hEorpa mar aon le cothrom iomaíochta a chruthú do gach cuideachta, lena ndreasófar iad chun ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a shaothrú

*Maolú ar an athrú aeráide*

12. AITHNÍONN SÍ na hidirnaisc idir gníomhaíocht ar son na haeráide agus bainistiú riosca aeráide, agus dá bhrí sin, a thábhachtaí atá mearghníomhaíocht maidir le maolú ar an athrú aeráide, ós rud é go bhfuil teorainneacha fisiciúla le cumas na sochaí oiriúnú do rioscaí aeráide atá ag éirí níos déine;

13. MEABHRAÍONN SÍ na tairbhí tábhachtacha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide maidir le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais, spleáchas laghdaithe ar bhreosla iontaise, breoslaí iontaise na Rúise san áireamh a luaithe is féidir, costais laghdaithe agus laghdú ar neamhchosaint ar shuaití amach anseo, in éineacht le comhthairbhí ar nós thionchar laghdaithe an aerthruaillithe, mar aon le cineálacha eile truaillithe, ar shláinte an duine agus ar éiceachórais agus ar a seirbhísí; LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a bhfuil slándáil agus dea-bhail shaoránaigh an Aontais ag brath ar infheistíochtaí a dhaingniú i ngníomhaíocht éifeachtach ar son na haeráide, ó thaobh ár ngeilleagar a dhícharbónú, réitigh dhúlrabhunaithe a neartú agus athléimneacht i leith rioscaí aeráide a fheabhsú;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé sprioc 2030 an Aontais maidir le glanlaghdú gás ceaptha teasa a bhaint amach go hiomlán mar chéim i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí agus é mar aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, chun gealltanas an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme agus chun sampla a thabhairt le cothrom iomaíochta a bhaint amach; i ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán, agus é á chur san áireamh go gcruthaítear deiseanna agus dúshláin leis sin nach mór aghaidh a thabhairt orthu; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit i gcomhthéacs na bpleananna nuashonraithe náisiúnta fuinnimh agus aeráide chun cinnteacht infheistíochta a chur ar fáil;

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá creat beartais cobhsaí intuartha chun soiléireacht a chur ar fáil d’infheisteoirí, lena n-áirítear gnólachtaí, saoránaigh agus lucht ceaptha beartas, agus an gá atá le cinneadh maidir le sprioc idirmheánach 2040 in am trátha, i gcomhréir leis an dlí aeráide Eorpach agus leis na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras, agus i gcomhréir leis an sprioc teochta 1.5 céim, agus torthaí an athbhreithnithe dhomhanda á gcur san áireamh; MOLANN SÍ d’Uachtaránachtaí na Comhairle a bheidh ann amach anseo leanúint den phlé ar na hábhair sin ar bhonn leanúnach chun a áirithiú go dtíolacfar an chéad NDC eile de chuid an Aontais i bhfad roimh COP30; MEABHRAÍONN SÍ nach mór do gach earnáil eacnamaíoch rannchuidiú leis an aistriú glas agus AITHNÍONN SÍ go mbeidh na coinníollacha cumasúcháin is gá ag teastáil chun an t-aistriú a bhaint amach, lena n-áirítear aistriú cóir cuimsitheach, tionscal iomaíoch agus earnáil talmhaíochta iomaíoch agus cothrom iomaíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an creat cumasúcháin is gá a fhorbairt, trí úsáid spriocdhírithe a bhaint as bearta de chuid an Aontais agus as bearta náisiúnta; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá dreasachtaí níos fearr a chur ar fáil chun aistrithe carbóin ar talamh agus aistrithe carbóin thionsclaíoch a uas-scálú chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach;

*Riosca-ullmhacht agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide*

16. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Managing climate risks - protecting people and prosperity’ [Rioscaí aeráide a bhainistiú - daoine agus rathúnas a chosaint] agus an tuarascáil ó EEA maidir leis an Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide; TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI gur shroich go leor de na rioscaí a sainaithníodh leibhéil chriticiúla agus go bhféadfaidís a bheith tubaisteach mura ndéanfar gníomhaíocht phráinneach chinntitheach;

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar an Teachtaireacht uaidh agus freagairt shistéamach beartais a thabhairt sna réimsí beartais ábhartha uile lena n-áiritheofar gníomhaíocht níos éifeachtaí agus níos réamhghníomhaí maidir le bainistiú riosca aeráide, lena n-áirítear tríd an reachtaíocht atá ann cheana a neartú i gcás inarb iomchuí;

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnuithe rialta ar rioscaí aeráide ar fud an Aontais, agus imthosca sonracha náisiúnta á gcur san áireamh freisin;

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, uirlisí éifeachtúla a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo riosca-ullmhacht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ag díriú ar thorthaí seachas ar aschuir;

20. DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ AG SÚIL leis an Tuarascáil Deiridh maidir leis an Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit réitigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh chun an bhearna i gcosaint na haeráide a laghdú, agus an gá atá le bearta oiriúnaithe coisctheacha a dhreasú á chur san áireamh;

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun comhar agus maoiniú idirnáisiúnta a uas-scálú chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus riosca-ullmhacht a fheabhsú sna tíortha is leochailí atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú; IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige córasach comhleanúnach ag an Aontas ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, leis an truailliú, leis an dífhoraoisiú, leis an díghrádú talún, le tógáil talún agus le cailliúint na bithéagsúlachta, go háirithe trí chur chun feidhme réiteach dúlrabhunaithe a uas-scálú;

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról tábhachtach rialála a bhíonn ag timthriallta uisce maidir le héiceachórais, beatha an duine agus feidhmiú an gheilleagair agus na sochaí; AITHNÍONN SÍ tionchar an athraithe aeráide ar infhaighteacht uisce agus ar shlándáil an tsoláthair uisce; IARRANN SÍ go ndéanfaí tionscnamh maidir le hathléimneacht i réimse an uisce, lena n-áirítear beartais ábhartha an Aontais a ailíniú agus a athbhreithniú chun breithnithe i ndáil le huisce, cuspóirí caomhnaithe agus taithí na mBallstát a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gcás inar gá chun cur chuige cuimsitheach ón mbun aníos a áirithiú lena ndíreofar ar infhaighteacht uisce agus slándáil an tsoláthair uisce a bhaint amach trí réitigh dhúlrabhunaithe a chur i bhfeidhm, mar shampla, bogaigh agus éiceachórais fionnuisce eile a chaomhnú agus a athbhunú agus acmhainní uisce neamhghnácha a fhorbairt, i gcás inar gá, agus bonneagar glas gorm a leathnú, agus cur chuige 'uiscebhunaithe agus ithirbhunaithe' a phríomhshruthú sa phleanáil spásúlachta;

23. AITHNÍONN SÍ na naisc láidre idir éiceachórais shláintiúla, bithéagsúlacht agus cumas an dúlra carbón a ghabháil agus a stóráil go sábháilte agus an ról ríthábhachtach atá acu maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin;

*An geilleagar ciorclach agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní*

24. AITHNÍONN SÍ gurb í an úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní a bhfuil an ghéarchéim thriarach phláinéadach á spreagadh aici; AITHNÍONN SÍ gur uirlisí cinntitheacha iad an geilleagar ciorclach agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní i ndáil leis sin; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfeidhmeoidh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach i gcás ábhair fhinideacha agus ábhair in-athnuaite araon mar uirlis chun an brú a laghdú ar an aeráid, ar acmhainní nádúrtha agus ar éiceachórais, agus go mbeidh tairbhe bhreise aige go mbeidh sé ina luasaire eacnamaíoch agus tionsclaíoch don Eoraip, lena spreagfar nuálaíocht agus fostaíocht shistéamach agus inbhuanaithe, agus neamhthuilleamaíocht an Aontais maidir le hamhábhair chriticiúla á méadú ag an am céanna;

25. AITHNÍONN SÍ go bhfuil loirg ábhair agus tomhaltais an Aontais fós i bhfad thar a bhfuil inbhuanaithe laistigh de na teorainneacha pláinéadacha agus go bhfuil an dul chun cinn maidir le húsáid chiorclach ábhair rómhall chun cuspóirí an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil a bhaint amach; Dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá leis an bhfás a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus ón tionchar a bhíonn aige sin trí theicneolaíochtaí agus samhlacha gnó a spreagadh lena bhféadfar an t-éileamh ar acmhainní ar leibhéil táirgthe agus tomhaltais a laghdú agus MEABHRAÍONN SÍ an gealltanas san 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil lorg ábhair agus lorg tomhaltais an Aontais a laghdú go suntasach chun iad a thabhairt laistigh de theorainneacha pláinéadacha a luaithe is féidir, lena n-áirítear trí spriocanna laghdaithe an Aontais a thabhairt isteach, de réir mar is iomchuí, agus dul i ngleic ag an am céanna leis na bunfhachtóirí sistéamacha a thacaíonn leis an ngeilleagar líneach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá bithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn;

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil tionscnaimh an Aontais maidir le táirgí inbhuanaithe ag tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, ach nach leor iad chun loirg arda tomhaltais a laghdú de dheasca na leibhéal tomhaltais neamh-inbhuanaithe; dá bhrí sin ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart aghaidh a thabhairt orthu sin;

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá céimeanna breise a thabhairt sa ghearrthéarma ar gach leibhéal chun a áirithiú go gcuirfear an reachtaíocht a glacadh chun feidhme go huaillmhianach agus go pras, go háirithe an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, chomh maith leis na hionstraimí beartais is éifeachtaí atá ann cheana a threisiú; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí an reachtaíocht thánaisteach atá le teacht a fhorbairt go héifeachtach, chun an chéad phlean oibre le haghaidh an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a chur i láthair sna chéad mhíonna de 2025, agus chun ceanglais Éicidhearthóireachta do ghrúpaí táirgí sonracha a chur i bhfeidhm go pras, chomh maith le tacaíocht theicniúil do na Ballstáit, sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, agus do chuideachtaí chun an cur chun feidhme sin a éascú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Plean Straitéiseach nua de chuid an Aontais don Gheilleagar Ciorclach a bhunú a luaithe is féidir, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit, na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, ag díriú go háirithe ar na córais is déine ó thaobh acmhainní de:

a. plé a dhéanamh ar bhearta maidir le dramhaíl a chosc agus an geilleagar ciorclach a chomhtháthú iontu sin chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a éascú chomh maith le cur chun feidhme, meastóireacht agus tuairisciú éifeachtach, pras agus comhleanúnach ar an dul chun cinn atá déanta chun an lorg náisiúnta ábhair agus tomhaltais a laghdú go suntasach;

b. treoirlínte agus sásraí breise a chur ar fáil a bheidh dírithe ar fhaireachas margaidh aonfhoirmeach a fheabhsú lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar dhíolacháin ar líne;

c. féachaint an bhféadfaí níos mó táirgí a chlúdach faoi scéimeanna freagrachta táirgeora agus íoscheanglais atá comhoiriúnach leis na creataí atá ann cheana a ionchorprú, le go mbainfear amach cosc ar dhramhaíl, athúsáid agus saolré níos faide do tháirgí;

d. feidhmiú éifeachtúil margaidh na n-amhábhar tánaisteach ardcháilíochta a áirithiú, bacainní airgeadais agus riaracháin a chuireann bac ar a fhorbairt a bhaint agus díriú ar infheistíocht agus nuálaíocht sna próisis athchúrsála agus ar thimthriallta ábhar neamhthocsaineach a bhunú lena n-áirítear trí mheastóireacht a dhéanamh ar ionstraimí agus, más iomchuí, iad a mholadh, mar shampla ionstraimí eacnamaíocha, ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte, agus úsáid breoslaí iontaise san earnáil cheimiceán a laghdú ar bhealach inbhuanaithe, *inter alia*, trí mhachnamh a dhéanamh ar úsáid carbóin inbhuanaithe agus an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme ina iomláine, ina bhfuil ról tábhachtach ag athbhreithniú ar REACH;

e. samhlacha táirgthe agus tomhaltais ciorclacha a mhéadú lena laghdaítear úsáid fhoriomlán acmhainní atá bunaithe ar chórais soláthair dhí-ábharaithe, cuir i gcás samhlacha atá bunaithe ar tháirge mar sheirbhís, ar tháirgí a chomhroinnt nó ar dheisiú;

f. rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara a áirithiú chun, i measc nithe eile, malartú dea-chleachtas a mhéadú, tacú le líonra de mhoil chiorclacha a fhorbairt ar gach leibhéal agus bearta a mholadh chun taighde eolaíoch trasearnála san Eoraip ar úsáid acmhainní a neartú;

g. meastóireacht a dhéanamh ar chomhtháthú an gheilleagair chiorclaigh sna beartais aeráide atá le teacht, ag tacú le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

h. suíomh straitéiseach an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus bainistiú acmhainní ar an leibhéal domhanda a neartú, agus ag an am céanna oibriú chun aitheantas idirnáisiúnta a mhéadú don ról atá ag úsáid acmhainní maidir le spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach, úsáid inbhuanaithe acmhainní a leabú i gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil, struchtúir rialachais dhomhanda a fhorbairt, i ndáil leis sin chun machnamh ar oibriú i dtreo comhaontú idirnáisiúnta maidir le bainistiú acmhainní nádúrtha, agus foghlaim fhrithpháirteach agus malartuithe le tíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain a chur chun cinn, go háirithe trí Lárionad um Acmhainní do Gheilleagar Ciorclach an Aontais a fógraíodh le déanaí;

28. IARANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht láidir chomhordaithe ar gach leibhéal agus go mbeadh comhleanúnachas beartais ann agus go ndéanfaí an geilleagar ciorclach a phríomhshruthú i mbeartais agus i réimsí eile de chuid an Aontais; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé fís fhadtéarmach uaillmhianach a leagan amach don Aontas i ndiaidh 2030; sa chomhthéacs sin, TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, próiseas cuimsitheach éifeachtach a sheoladh lena mbainfear amach fís chomhtháite fhadtéarmach de chuid an Aontais le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus úsáid acmhainní inbhuanaithe, lena ndíreofar ar athrú sistéamach a chumasú chun aistriú glas, cóir agus cuimsitheach a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an phróisis sin, measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a. na módúlachtaí le haghaidh creat rialachais chun tacú leis an bhfís chomhtháite fhadtéarmach sin de chuid an Aontais;

b. cuspóir fadtéarmach an Aontais maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní a bhunú;

c. bunaithe ar éabhlóid tháscairí reatha Chreat Faireacháin an Aontais don Gheilleagar Ciorclach agus, i gcás inar gá, ar tháscairí a bheidh ann sa todhchaí, spriocanna eolaíochtbhunaithe a leagan síos a bheidh uaillmhianach agus indéanta ó thaobh na heacnamaíochta de chun loirg ábhair agus tomhaltais a choinneáil laistigh de theorainneacha pláinéadacha agus iad a aistriú go dtí an leibhéal náisiúnta agus tosca sonracha sna Ballstáit á gcur san áireamh;

d. creat dlíthiúil uileghabhálach a bhunú, lena socrófar leibhéal na huaillmhéine agus na n-ionstraimí beartais cuí, lena bhfeabhsófar comhleanúnachas agus príomhshruthú beartais agus lena gceadófar cur chun feidhme éifeachtach, agus an bhfuil an t-athbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht atá ann cheana oiriúnach don fheidhm, nó an bhfuil gá le gníomh reachtach nua;

*Truailliú nialasach chun timpeallacht atá saor ó thocsainí a bhaint amach*

29. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair'; ATHDHEARBHAÍONN SÍ nár chomhlíon an Coimisiún an Straitéis Ceimiceán ina iomláine, go háirithe an t-athbhreithniú ar rialachán REACH, lena n-áirítear polaiméirí a chlárú faoi REACH, an cur chuige cineálach maidir le bainistiú riosca i gcás na substaintí is díobhálaí, aghaidh a thabhairt ar rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn agus ar chúiseanna imní sláinte agus comhshaoil atá ag teacht chun cinn agus toirmeasc a chur ar cheimiceáin dhíobhálacha nach gceadaítear san Aontas a tháirgeadh lena n-onnmhairiú; TATHANAÍONN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, ardleibhéal uaillmhéine a choinneáil i gcur chun feidhme na straitéise;

30. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag tionscal na gceimiceán maidir leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach a chur chun cinn, chomh maith le huathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige chun tionscal inbhuanaithe, iomaíoch agus athléimneach a bhaint amach san Aontas, agus chun timpeallacht atá saor ó thocsainí a bhaint amach;

31. MEABHRAÍONN SÍ gur gá tús aite a thabhairt agus gníomhú ar chineál marthanach na substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) agus, dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá deireadh a chur de réir a chéile le PFASanna i gcomhréir leis an straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht agus trí phróiseas dea-bhainistithe, a luaithe is féidir agus torthaí eolaíocha an phróisis measúnaithe riosca á n-urramú ag an am céanna agus, i gcás inarb iomchuí, an t-am aistrithe is gá chun roghanna malartacha sábháilte agus inbhuanaithe a fhorbairt; AITHNÍONN SÍ gurb é is aidhm don togra le haghaidh srian ar PFASanna an cuspóir sin a bhaint amach; IARRANN SÍ ar ECHA agus ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar na measúnuithe ar riosca agus gnéithe socheacnamaíocha agus togra le haghaidh cinnidh a thíolacadh do na Ballstáit a luaithe is féidir; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn i ndáil le deireadh a chur de réir a chéile le PFASanna agus i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le PFASanna;

32. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le modhanna fónta tástála chun tionchair dhiúltacha fhéideartha ó nochtadh do shubstaintí ceimiceacha a shainaithint agus chun reachtaíocht a bhunú chun úsáid shábháilte ceimiceán ar roinnt cineálacha saintréithe tocsaineolaíocha a ráthú, agus tástáil ar ainmhithe á seachaint a mhéid is féidir; MOLANN SÍ go bhforbrófaí treoirlínte tástála, comhar agus seisiún faisnéise idir na gníomhaithe uile chun in-atáirgtheacht agus inaistritheacht na dtorthaí a chur chun cinn; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Modh Tástála agus Straitéis Bailíochtaithe de chuid an Aontais a fhorbairt; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar aon riaráiste féideartha sna hiarrachtaí réamhbhailíochtaithe le haghaidh na modhanna tástála atá ann cheana agus cistiú leordhóthanach a dhreasú;

33. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an brú mór a chuireann cothaithigh agus lotnaidicídí a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar an gcomhshaol, go háirithe ar uiscí, an aeráid, an bhithéagsúlacht agus sláinte an duine; DEARBHAÍONN SÍ GUR OTH LÉI nach ann do Phleananna Gníomhaíochta Comhtháite maidir le Bainistiú Cothaitheach, mar ina n-éagmais is deacair cáilíocht an uisce a fheabhsú; IARRANN SÍ go ndéanfadh na páirtithe leasmhara idirphlé maidir leis an Treoir maidir le Níotráití, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát cáilíocht an uisce a fheabhsú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an brú ón riosca a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí a choinneáil mar réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta, in idirphlé cuiditheach neartaithe le páirtithe leasmhara agus feirmeoirí, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé dea-chleachtais a chur chun feidhme ar nós Bainistiú Comhtháite Lotnaidí, maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí agus tosca áitiúla agus slándáil bia á gcur san áireamh ag an am céanna;

34. AITHNÍONN SÍ an tábhacht uileghabhálach a bhaineann le hithreacha sláintiúla maidir le seirbhísí éiceachórais a sholáthar agus a rialáil, ar seirbhísí iad atá riachtanach don bhithéagsúlacht, don tsábháilteacht bia agus don tslándáil bia, d'úsáid acmhainní don bhithgheilleagar inbhuanaithe, agus an gá atá le cuspóir maidir le truailliú nialasach a shaothrú agus dul i ngleic le teagmhais adhaimsire; IARRANN SÍ ar na Ballstáit sláinte na hithreach a choinneáil agus a fheabhsú, tionchair an tséalaithe ithreach agus an scriosta ithreach a sheachaint agus a mhaolú mar thosaíocht;

35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur leis na sonraí faireacháin chun tacú leis an tuiscint eolaíoch ar éifeachtaí na dtruailleán aeir agus go mbainfear an cuspóir amach maidir lena n-éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus, i gcás ina léireodh torthaí eolaíocha substaintiúla nua go bhfuil gá leis, go ndéanfaí measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na caighdeáin is infheidhme maidir le cáilíocht an aeir fós iomchuí;

36. AITHNÍONN SÍ go bhfuil reachtaíocht a dhéileálann le hastaíochtaí agus foinsí truaillithe ó earnálacha ábhartha, mar shampla earnáil an iompair, na tionsclaíochta, na talmhaíochta, an fhuinnimh agus na haeráide, ríthábhachtach chun gur féidir tiúchan na dtruailleán a laghdú i ngach timpeallacht agus chun comhlíonadh a áirithiú, mar shampla, le caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhsheasmhacht a shaothrú maidir leis an ábhar sin;

37. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an treoir athbhreithnithe maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha mar phríomhionstraim chun tacú le haistriú tionsclaíoch i dtreo táirgeadh inbhuanaithe, glan, aeráidneodrach agus ciorclach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go bhforbrófar gan mhoill na doiciméid thagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil agus go mbeidh siad oiriúnach chun na spriocanna sin a bhaint amach;

38. MEABHRAÍONN SÍ rannpháirtíocht ghníomhach chuiditheach an Choimisiúin agus na mBallstát sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, agus é d'uaillmhian acu go dtabharfaí chun críche í faoi 2024; AITHNÍONN SÍ an riosca don chomhshaol agus don tsláinte a bhaineann le micreaphlaistigh agus le truailliú plaisteach eile; MEABHRAÍONN SÍ na gealltanais sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i bPlean Gníomhaíochta 2.0 don Gheilleagar Ciorclach agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhú agus féachaint an bhféadfaí dul i ngleic le foinsí uile na micreaphlaisteach sa chomhshaol trí shrian a chur, i measc nithe eile, ar mhicreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó i dtáirgí agus trí aghaidh a thabhairt ar scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach;

*Cosaint, caomhnú agus athbhunú an dúlra agus na bithéagsúlachta*

39. AITHNÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé an dúlra, an bhithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú mar gheall ar a bhfeidhmeanna, a seirbhísí agus a ról bunriachtanach maidir le sláinte, agus folláine an duine, cumas oiriúnaithe don athrú aeráide, agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, chomh maith leis an ngá atá leis an mbithéagsúlacht a chur ar shlí an téarnaimh faoi 2030 agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha le cailliúint na bithéagsúlachta; MEABHRAÍONN SÍ gur coinníollacha bunúsacha d’fheidhmiú na n-éiceachóras iad nascacht éifeachtach éiceolaíoch agus líonraí bonneagair glasa agus gorma a fheidhmíonn go maith, i dtírdhreacha na hEorpa agus ar fud an Aontais; DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ FÓS TIOMANTA do chuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus do chuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach; dá bhrí sin, MOLANN SÍ do na Ballstáit spriocanna náisiúnta ailínithe agus/nó straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta um an mBithéagsúlacht a chur isteach in am don 16ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht i mí Dheireadh Fómhair 2024;

40. IARRANN SÍ AN ATHUAIR go ndéanfar an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú go hiomlán i bpleananna agus i mbeartais ábhartha earnála agus trasearnála lena n-áiritheofar cur chuige comhtháite; IARRANN SÍ ar na Ballstáit cur chuige éiceachórais a phríomhshruthú agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar agus sochaithe atá dearfach ó thaobh an dúlra de; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun bonn eolais láidir maidir leis an mbithéagsúlacht a fhorbairt a thuilleadh ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit;

41. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an timpeallacht nádúrtha oíche agus an gá atá lena caomhnú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an tuiscint eolaíoch ar thruailliú solais agus na éifeachtaí a bhíonn aige ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais éagsúla a dhoimhniú, agus úsáid á baint as sonraí satailíte atá ann cheana, chun tionchair dhiúltacha a chosc agus a íoslaghdú;

42. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngaineamhlú a chomhrac san Aontas, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta comhtháite uile-Aontais a mholadh chun an gaineamhlú, díghrádú talún agus triomach a chomhrac, arb é is aidhm dó neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030, bunaithe ar mheasúnú tionchair iomlán, agus an plean gníomhaíochta sin a chomhlánú le bearta lena dtacófar le bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar thriomach agus ar na feiniméin ghaolmhara a bhaineann leis san Aontas;

43. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá éiceachórais mhuirí shláintiúla athléimneacha agus an gá atá le heolas, taighde agus nuálaíocht maidir leis an muirthimpeallacht a fhorbairt a thuilleadh i ndáil leis an méid sin agus na bearta is gá a dhéanamh chun dea-stádas comhshaoil le haghaidh uiscí muirí a bhaint amach trí bhíthin chur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar éiceachórais a fhorbairt chun na farraigí agus na haigéin a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, de réir mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí lena n-áirítear trí chomhar réigiúnach, agus trí dhlús a chur le comhrac na hiascaireachta neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do Chomhaontú BBNJ a dhaingniú agus a chur chun feidhme go pras; TATHANTAÍONN SÍ ar gach Stát an rud céanna a dhéanamh;

*Coinníollacha cumasúcháin*

44. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le glacadh sóisialta, *inter alia* trí chumarsáid ghníomhach agus idirphlé oscailte maidir le beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a dtionchar ar an tsochaí, go háirithe na codanna is leochailí di; AITHNÍONN SÍ an Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le 'creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach?'; MEABHRAÍONN SÍ an treoir a thugtar leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit é a chur chun feidhme go hiomlán;

45. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun an t-aistriú cóir a phríomhshruthú sna beartais agus sna creataí atá ann cheana, mar chuid den Chomhaontú Glas, a bheidh in ann dul i ngleic leis an ngéarchéim thriarach phláinéadach agus ceartas sóisialta agus cruthú oibre cuibhiúla á gcur chun cinn ag an am céanna, chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme go hiomlán; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rialachas il-leibhéil a áirithiú agus an t-idirphlé sóisialta agus córais chómhargála a neartú, chomh maith le comhar idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear trí ghrúpaí imeallaithe agus tearcionadaithe a chuimsiú agus trí fhor-rochtain a dhéanamh orthu agus beartais á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á measúnú chun aistriú glas, cóir agus cuimsitheach a chur chun cinn;

46. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an t-aistriú cóir a chomhtháthú a thuilleadh i straitéisí náisiúnta lena ndéantar anailís ar thionchair shocheacnamaíocha phróiseas an aistrithe éiceolaíoch, lena n-áirítear tionchair saothair, agus lena sainaithnítear sásraí chun tacú leis na daoine is leochailí agus is mó a mbeidh tionchar diúltach ag an bpróiseas orthu, bunaithe ar rannpháirtíocht fhorleathan ón tsochaí shibhialta agus ó institiúidí poiblí araon; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur bhunaigh an Coimisiún Faireachlann Eorpach um Aistriú Cóir; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá comhtháthú struchtúrach an aistrithe chóir laistigh d'institiúidí an Aontais;

47. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá beartais agus bearta aistrithe atá cóir agus cuimsitheach ar gach leibhéal, lena n-áirítear tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, tiomantas neartaithe do phríomhshruthú inscne agus measúnú trasnach; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit measúnuithe tionchair a dhéanamh ó thaobh struchtúir de ar bheartais aistrithe maidir le dálaí maireachtála daoine, go háirithe iad siúd atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó atá i mbaol bochtaineachta;

48. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de pheirspictíocht na hinbhuanaitheachta agus aistriú glas, cóir agus cuimsitheach a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach;

49. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá réamhaisnéis scileanna agus beartais fhónta shóisialta agus margaidh saothair agus scéimeanna athscilithe agus mealladh, coinneáil agus leas a bhaint as daoine tréitheacha, i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú;

50. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá peirspictíocht il-leibhéil, ilearnála agus ilghníomhaí le haghaidh aistriú glas, cóir agus cuimsitheach, agus an dearcadh réigiúnach agus áitiúil agus réaltacht an réigiúin agus na háite á gcur san áireamh chomh maith le héagsúlacht na gcúinsí agus rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaithe sibhialta, na bpobal áitiúil, chomh maith le FBManna; AITHNÍONN SÍ an ról lárnach, ní hamháin a bhaineann le hinfheistíochtaí sa teicneolaíocht, ach freisin le hacmhainní daonna chun an t-aistriú a chur i gcrích ar an talamh; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe a áirithiú i gceapadh beartas ar gach leibhéal rialachais;

51. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar chur chun feidhme iomlán phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, gur cheart, mar thosaíocht, damáiste don chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse agus gur cheart gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chuige níos sistéamaí, níos comhleanúnaí, níos comhoibríche, níos rioscabhunaithe agus níos comhtháite maidir le staid agus ionchas na measúnuithe comhshaoil agus maidir le gníomhaíochtaí beartais; LEAGANN SÍ BÉIM ar acmhainneacht na hanailíse ar fhadhbanna san Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil chun bonn eolais a chur faoi athchóirithe náisiúnta maidir lena gcumas riaracháin agus breithiúnach a fheabhsú chun spriocanna an bheartais comhshaoil a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit reachtaíocht agus bearta atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena gcuirtear san áireamh an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar bhearta tacaíochta do chuideachtaí agus d'údaráis phoiblí, infheistíochtaí a scaoileadh, go háirithe d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus feabhas a chur ar chomhtháthú, ar rochtain ar cheartas, ar chosaint na saoránach agus ar thrédhearcacht;

52. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, go bhfaighidh na páirtithe leasmhara faisnéis nithiúil i bhfad roimh ré maidir lena bhfuil ag teastáil uathu chun go mbeidh siad in ann oiriúnú in am trátha d'athruithe ar an gcreat rialála;

53. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá maoiniú comhleanúnach, lena n-áirítear an maolú ar an athrú aeráide, an t-oiriúnú don athrú aeráide agus rioscaí aeráide, an bhithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach agus rioscaí a bhaineann le truailliú agus cur chun feidhme beartais a phríomhshruthú i ngach ciste agus ionstraim airgeadais ábhartha, agus athmheasúnú a dhéanamh ar chistiú a d'fhéadfadh leochaileachtaí agus neamhionannais a ghéarú; AITHNÍONN SÍ gur féidir le hinfheistíochtaí éifeachtúla sa bhithéagsúlacht agus in éiceachórais cur lena n-athléimneacht agus lena n-acmhainneacht tairbhí cuimsitheacha iomadúla agus seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais a chur ar fáil; AITHNÍONN SÍ na tionchair dhearfacha shuntasacha a bhí ag clár an Aontais LIFE ar an dúlra Eorpach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh dreasachtaí eacnamaíocha a fhorbairt chun éiceachórais shláintiúla a chaomhnú, laistigh agus lasmuigh de limistéir faoi chosaint, agus chun na limistéir a ndearnadh damáiste dóibh a athchóiriú, agus bealaí chun cistiú don Aontas, cistiú náisiúnta agus cistiú príobháideach a chuíchóiriú i ndáil leis sin; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht maidir le bainistiú a dhéanamh ar phleananna riosca aeráide chun na réamhchoinníollacha cearta a chruthú chun athléimneacht aeráide a mhaoiniú agus chun sásraí dlúthpháirtíochta an Aontais a dhéanamh slán i bhfad na haimsire agus chun dreasachtaí le haghaidh réamhghníomhaíochtaí a fheabhsú; MOLANN SÍ scéimeanna cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais chun cásanna riosca aeráide fadtéarmacha a chur san áireamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme; MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' ríthábhachtach chun dul i ngleic, ó thaobh airgeadais de, leis an truailliú, leis an damáiste don chomhshaol agus le cailliúint na bithéagsúlachta, agus chun tionchair dhiúltacha a chúiteamh agus tacaíocht á tabhairt don chothroime shóisialta ag an am céanna;

54. MEABHRAÍONN SÍ Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ina luaitear go ndéanfaidh an Coimisiún measúnuithe tionchair ar a thionscnaimh a meastar go mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá measúnuithe tionchair fónta agus tograí nua le haghaidh gníomhartha reachtacha, agus i gcás inarb infheidhme, dréachtghníomhartha tarmligthe agus dréachtghníomhartha cur chun feidhme á nglacadh chun meastacháin níos fearr ar na héifeachtaí comhshaoil, meastacháin ar chostais chomh maith le hiarmhairtí agus tairbhí socheacnamaíocha a bhaint amach;

55. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú le chéile chun infheistíocht a éascú, agus maoiniú príobháideach a shlógadh don aistriú glas trí dhálaí leordhóthanacha creata a áirithiú, trí fheabhas a chur ar nósanna imeachta agus ar chaighdeáin agus trí fheabhas a chur ar thionscadail a laghdaíonn riosca le BEI agus le hinstitiúidí airgeadais eile, lena n-áirítear trí chomhleanúnachas a sholáthar do phleananna aistrithe corparáideacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhleanúnachas na ndálaí comhshaoil idir ionstraimí cistiúcháin éagsúla an Aontais a áirithiú, agus cur i bhfeidhm cheanglais na bpróiseas reatha ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, ‘díonadh ar an athrú aeráide’ agus ‘promhadh inbhuanaitheachta’ a shimpliú ag an am céanna; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an beartas agus an reachtaíocht maidir le Maoiniú Inbhuanaithe; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé sásraí soiléire fíorúcháin agus deimhniúcháin a bhunú le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe agus nósanna imeachta riaracháin á bhfeabhsú ag an am céanna;

56. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá clár oibre cuimsitheach infheistíochta agus timpeallacht ghnó atá fabhrach don infheistíocht, lena bhfeabhsaítear infheistíochtaí príobháideacha le tacaíocht spriocdhírithe agus lena gcuirtear infheistíochtaí poiblí chun cinn chun cuspóirí tosaíochta an aistrithe ghlais a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an measúnú ar rioscaí aistrithe agus an earnáil árachais; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sineirgí, lena n-áirítear idir an tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil, an Seimeastar Eorpach agus na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoin Aontas Fuinnimh;

57. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na cumarsáide maidir leis na tairbhí cuimsitheacha agus trasearnála a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus maidir leis na costais a bhaineann le gan bheith ag gníomhú, chomh maith le ról an oideachais comhshaoil agus aeráide chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil agus ar ardú feasachta chun athruithe iompraíochta a spreagadh, go háirithe maidir le patrúin táirgthe agus tomhaltais; MOLANN SÍ do ghnólachtaí faisnéis fhianaisebhunaithe a roinnt chun tomhaltóirí a chumhachtú chun aistriú glas, cóir agus cuimsitheach a áirithiú;

58. MEABHRAÍONN SÍ gur coinníoll cumasúcháin tábhachtach é dreasachtaí atá dearfach ó thaobh an chomhshaoil de a neartú chomh maith le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, go háirithe fóirdheontais do bhreoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ná ar aistriú cóir gan mhoill, chun cuspóirí tosaíochta an 8ú CGC a bhaint amach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ, i ndáil leis sin, na coinníollacha cumasúcháin mar a leagtar amach in Airteagal 3h den 8ú CGC iad; IARRANN SÍ go mbainfí úsáid bhreise as ionstraimí margadhbhunaithe agus as soláthar poiblí glas chun infheistíochtaí a dhíriú ar na cuspóirí glasa agus ar na cuspóirí aeráide;

59. DEARBHAÍONN SÍ an ról trasearnálach ríthábhachtach atá ag réitigh dhúlrabhunaithe, i gcomhréir lena sainmhíniú i Rún 5.2 ó UNEA, Rún 5, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda na géarchéime triaraí pláinéadaí; MOLANN SÍ do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt dá gcur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí;

60. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag an taighde agus ag an nuálaíocht, agus a thábhachtaí atá sé a dtorthaí a aistriú agus teicneolaíochtaí agus bonneagar nua atá sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe á n-úsáid, agus digitiú chun tacú le beartais aeráide agus chomhshaoil, agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu agus a lorg carbóin agus comhshaoil á íoslaghdú ag an am céanna agus MOLANN SÍ don Choimisiún na creataí faireacháin comhshaoil agus aeráide atá ann cheana a chuíchóiriú a thuilleadh, lena n-áiritheofar ardchaighdeáin trédhearcachta, costéifeachtúlachta, simplithe riaracháin agus rochtana poiblí ar shonraí agus lena gcuirfear malartú dea-chleachtas agus forbairt réigiúnach chun cinn; CREIDEANN SÍ go bhféadfadh an Tairseach Astaíochtaí Tionsclaíocha a bheith oiriúnach mar ionstraim chun na críche sin;

61. MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de bheith ag obair ar chuspóirí agus caighdeáin chomhshaoil chomhchuibhithe atá uaillmhianach, indéanta go heacnamaíoch agus ó thaobh na teicneolaíochta de chun tomhaltas a stiúradh i dtreo ábhair agus earraí tionscail atá inbhuanaithe, ciorclach, íseal agus nach mór neodrach ó thaobh carbóin de, gan cur isteach ar ár gcumas ár ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chlaochlú agus a cheadúnú ina gcleachtais iomaíocha dhomhanda atá oiriúnach d'Eoraip atá aeráidneodrach, ciorclach, inbhuanaithe agus athléimneach, agus le nósanna imeachta eisiúna ceadanna lena n-áiritheofar dlús éifeachtúil leis na haistrithe uile agus, ag an am céanna, lena n-áiritheofar timpeallacht rialála éifeachtach agus chomhsheasmhach agus lena ndreasófar tuilleadh infheistíochta príobháidí.